Nuacht Neachtain

Márta, 2024.

READ ON: GO RAIBH MÍLE MAITH AGAIBH!

Molaimid go hard iarrachtaí agus flaithiúlacht pháistí agus tuismitheoirí maidir leis an tionscnamh léitheoireachta, *Read On*, ar na mallaibh. Bailíodh £1133.20 – suim iontach ar fad é seo! Thug Rebecca Oates, as Cancer Fund for Children, an charthanacht tairbhí, cuairt ar an Ghaelscoil maidin Dé Luain agus ghabh sí a buíochas ó chroí leis na páistí as a gcuid léitheoireachta agus as a gcuid oibre go léir; ghabh sí buíochas fosta le tuismitheoirí, le teaghlaigh agus le cairde as a gcuid urraíochta flaithiúla agus le Múinteoir Ellen agus le Múinteoirí Róisín as an tionscnamh a stiúradh. Gabhann an Ghaelscoil a buíochas fosta le gach duine a bhí páirteach ann. Maith sibh!

SEACHTAIN na GAEILGE

Mar atá ag tarlú ar fud fad na hÉireann an tseachtain seo, tá Seachtain na Gaeilge a cheiliúradh ag Gaelscoil Neachtain. Agus clár leathán imeachtaí beartaithe don tseachtain, tá deis ag na páistí bheith ag foghlaim ar bhealach sultmhar neamhfhoirmiúil. I measc na n-imeachtaí sin, tá tráth na gceist, an Laoch Litrithe, cluiche iománaíochta idir an Ghaelscoil agus an Ghaelcholáiste – tá muid uilig ag dúil go mór leis sin! – céilí agus Lá Spraoi. Tá an Lá Spraoi ann Dé hAoine bheag seo, 15 Márta, agus tá fáilte roimh pháistí éadaí a chaitheamh atá ceangailte ar bhealach éigin le cúltúr na hÉireann, m.sh. an spórt, an ceol, nó, tá fáilte roimh phaistí ball éadaí glas a chaitheamh ar an lá! Ós rud é gur lá gan éadaí scoile é An Aoine, iarrtar ar pháistí, £1 an duine a thabhairt isteach, le do thoil, don bhailiúchán Trócaire. Go raibh maith agat. Tugtar faoi deara, le do thoil: **NÍL MILSEÁIN LE TABHAIRT AR SCOIL AG PÁISTÍ DÉ hAOINE.**

READ ON: GO RAIBH MÍLE MAITH AGAIBH!

We highly commend the efforts and generosity of children, parents and families regarding the recent reading project, *Read On.* £1133.20 was raised – this is a remarkable sum! Rebecca Oates, from Cancer Fund for Children, the beneficiary charity, visited the Gaelscoil on Monday morning and thanked sincerely the children for their reading and all their work; she also thanked parents, family and friends for their generous sponsorship and Múinteoir Ellen and Múinteoir Róisín for leading the project. The Gaelscoil also extends its thanks to everyone involved. Maith sibh!

SEACHTAIN na GAEILGE

As is happening across Ireland this week, Gaelscoil Neachtain is celebrating Seachtain na Gaeilge. With a broad programme of events have been planned for the week, the children have the opportunity to learn in an enjoyable and informal way. These events include a quiz, the Spelling Hero, a hurling match between the Gaelscoil and the Gaelcholáiste – we are all looking forward to that! – a céilí and a Fun Day. The Fun Day takes place this Friday, March 15th, and children are welcome to wear clothes that are somehow linked to the Irish culture, m.sh. sport, music, or, children are welcome to wear an item of green clothing on the day! Since Friday is a non-uniform day, **children are asked to bring in £1 each for the Trócaire collection.** Go raibh maith agat. Please note, however: **CHILDREN ARE NOT TO BRING SWEETS TO SCHOOL ON FRIDAY.**

DRUIDIM GAELSCOILE: 18 MÁRTA

Tá Gaelscoil agus Naíscoil Neachtain **druidte Dé Luain, 18 Márta**, don lá saoire bainc. **Athosclaíonn an Ghaelscoil agus an Naíscoil Dé Máirt, 19 Márta.**

CUAIRTEOIR Ó THRÓCAIRE

Achan bhliain, i rith An Charghais, bíonn na páistí ag bailiú airgid do Thrócaire. Chun léargas a thabhairt ar an obair a dhéanann an charthanacht agus ar an dóigh a n-úsáidtear an t-airgead a chuirtear chucu, iarradh ar Róisín Ó Hara, oifigeach oideachais le Trócaire, teacht isteacht agus labhairt leis na páistí as Ranganna 5,6,7 Déardaoin, 14 Márta.

COICÍS na SIÚLÓIDE agus na ROTHAÍOCHTA

Mar is eol daoibh, tá coicís an *tSiúlóid Mhóir agus na Rothaíochta* ar siúl faoi láthair agus leanann sé ar aghaidh go dtí An Aoine, 22 Márta. Tá an tionscnamh seo mar chuid d'iarrachtaí *Sustrans* níos mó daoine a fháil chun astaíochtaí a laghdú agus stíl mhaireachtála shláintiúil a chur chun cinn. Iarrtar ar pháistí agus teaghlaigh a bheith páirteach le chéile - fiú má má tá tú ag siúl / ag rothaíocht ach cuid den bhealach chun na scoile, bheadh sé sin go hiontach freisin! De réir First-steps Sports, *"Is féidir leis an aclaíocht borradh meabhrach fíor intomhaiste a chur ar fáil - feabhas a chur ar chumas an linbh feidhmiú, foghlaim agus smaoineamh don chuid eile den lá."*

MOLAIMID DO GACH TUISMITHEOIR, ÁFACH, SÁBHÁILTEACHT A BPÁISTE A CHINNTIÚ MÁ TÁ SIAD AG SIÚL CHUN NA SCOILE.

CCB CAIRDE NEACHTAIN

Beidh Cruinniú Cinn Bhliana Chairde Neachtain ann **Dé Luain, 25 Márta ar 6.30in sa Ghaelscoil.** Iarrtar ar thuismitheoir amháin, ar a laghad, as gach teaghlach, freastal, le do thoil. Tugann Cairde Neachtain taca riachtanach don Ghaelscoil, idir phraiticiúil agus airgeadais, taca a mbaineann do pháiste tairbhe as. Tá Cairde Neachatin ag brath ort mar thuismitheoir chun an taca sin a choinneáil ag dul. Tá muid ag dúil le do theacht ar an 25ú. Go raibh maith agat.

GAELSCOIL CLOSURE: 18th MARCH

Gaelscoil and Naíscoil Neachtain are **closed on Monday, 18th March**, for the bank holiday. **The Gaelscoil and Naíscoil reopen on Tuesday, 19th March**.

. VISITOR from TRÓCAIRE

As you are aware, every year, during Lent, the children fundraise for Trócaire. To give an insight into the work of Trócaire and to show how the money we send is used, we have asked Róisín Ó Hara, an education officer with Trócaire, to come into the Gaelscoil and talk to the children in Ranganna 5,6,7 on Thursday, 14th March.

BIG WALK and WHEEL FORTNIGHT

As you are aware, the *Big Walk and Cycle* fortnight is currently underway and continues until Friday, 22nd March. This initiative is part of *Sustrans* efforts to get more people to reduce emissions and to promote a healthy lifestyle. Well done to everyone, both parents and children, who have taken part so far! There's still plenty of time for everyone else to get involved - even if you walk / cycle just part of the way to school, that would be great too! According to First-steps Sports*, "Exercise can provide a real, measurable mental boost – improving a child's ability to perform, learn and think for the rest of the day."*

WE URGE ALL PARENTS, HOWEVER, TO ENSURE THEIR CHILD'S SAFETY IF THEY'RE WALKING TO SCHOOL.

AGM CAIRDE NEACHTAIN

Cairde Neachtain will hold its Annual General Meeting on **Monday, 25th March at 6.30pm in the Gaelscoil.** At least one parent from each family is asked to attend, please. Cairde Neachtain provides essential support to the Gaelscoil, both practical and financial, which your child benefits from directly. Cairde Neachtain rely on you as a parent to keep that support going. We look forward to seeing you on the 25th. Go raibh maith agat.

COMHGHAIRDEAS!

Comhghairdeas le Cathair ó Ceallaigh agus le Logan Ó hEireamhóin, Rang 7, a roghnaíodh imirt ag leatham sa chluiche peile idir Doire agus Muineachán i bPáirc na gCeilteach Dé Sathairn, 17 Feabhra!
Comhghairdeas le Caoimhe Nic Diarmada agus le Teagan Nic Fhicheallaigh a roghnaíodh imirt ag leatham sa chluiche peile idir Doire agus Baile Átha Cliath i bPáirc na gCeilteach Dé Sathairn, 2 Márta!

CONGRATULATIONS!

Congratulations to Cathair Kelly and Logan Irwin, Rang 7, who were selected to play at half-time in the football match between Derry and Monaghan in Celtic Park on Saturday, 17 February!
Congratulations to Caoimhe Nic Diarmada and Teagan Nic Fhicheallaigh who were selected to play half-time in the football match between Derry and Dublin in Celtic Park on Saturday, 2 March!

SÓLÁISTÍ AN CHÓINEARTAITHE: IARRATAS TACA.

Beidh An Cóineartú ann do pháistí Rang 7 **Dé Sathairn, 13 Aibreán, ar 3.00in**. Cuirfear sóláistí ar fáil sa Ghaelscoil ina dhiadh. Mar a tharla sna blianta roimhe seo, TÁ MUID AG IARRAIDH AR THUISMITHEORIÍ RANG 6 S'AGAINNE CUIDIU LEIS SEO, agus, bainfidh tú tairbhe as an chineáltas céanna ar an bhliain seo chugainn! Rachfar I dteagmháil le tuismitheoirí rang 6 roimh ann do shos na Cásca maidir leis an iarratas seo. Ag gabháil buíochais leat, roimh ré, as do thaca.

CONFIRMATION REFRESHMENTS: REQUEST FOR SUPPORT.

Confirmation for children in Rang 7 will take place this year on **Saturday, 13th April, at 3.00pm.** Refreshments will be served afterwards in the Gaelscoil. As has happened in previous years, WE ARE ASKING OUR RANG 6 PARENTS TO HELP WITH THIS, PLEASE, and, next year, you will benefit from the same kindness! Rang 6 parents will be contacted before the Easter break regarding this request. Thanking you, in advance, for your support.

BLIOTZ IOMÁNAÍOCHTA ULADH

Tá bliotz iománaíochta / camógaíochta ann i Sólann Bhruach na Cluana, Machaire Fíolta, **Dé Máirt 26 Márta.** Tá an imeacht seo á eagrú chun seans eile a thabhairt do pháistí an Ghaeilge a úsáid i measc an phobail – Gaeilge amháin a bheas a labhairt ar fud an bhliotz. Imreoidh cailíní / gasraí ar fhoireann amháin agus beidh dhá fhoireann ag déanamh ionadaíochta thar ceann na Gaelscoile. Tuilleadh eolais le teacht maidir le foirne. Don imirt, tabharfar geansaí scoile don pháiste don lá muna bhfuil ceann aige agus iarrtar air/uirthi bríste ghairid dhubh agus stocaí dubha a chaitheamh, le do thoil. Iarrtar ar pháistí lón maith pacáilte a thabhairt leo ar an lá. Cuirfear lón ar fáil do pháistí atá i dteideal béilte saora scoile in aisce. Tá muid iontach buíoch de Ghlór na Speiríní as costais taistil a chlúdach don bhliotz seo - ní chaithfidh páistí síntiús a dhéanamh.

ULSTER HURLING BLIOTZ

The Gaelscoil has been invited to take part in a hurling/camogie bliotz in Meadowbank Leisure Centre, Magherafelt, **on Tuesday 26th March.** This event is being organised to give children another chance to use Irish in the community – only Irish will be spoken throughout the bliotz. Girls / boys will play on one team and two teams will represent the Gaelscoil. Further information to come regarding teams. For play, the child will be given a school jersey for the day if they do not have one and are asked to wear black shorts and black socks, please.
Children are asked to bring a good packed lunch on the day. Lunch will be provided for children who are entitled to free school meals. We are very grateful to Glór na Speiríní for covering travel expenses for this bliotz - children don't have to make a contribution.

AN CLUB BRICFEASTA

Tá An Club Bricfeasta ar oscailt gach maidin idir 8.15 – 8.45rn. Fáilte roimh achan pháiste. 40p an páiste an costas – **MÁ TÁ DO PHÁISTE AG FREASTAL AR AN CHLUB BRICFEASTA, IARRTAR ORT 40p A THABHAIRT, LE DO THOIL, DE RÉIR D'ACHMHAINNE.** Osclaíonn An Club Bricfeasta ar 8.15rn agus GLACTAR LE HORDAITHE DEIREANACHA AR 8.40rn. Go raibh maith agat as bheith ag comhoibriú linn.

ACHAINÍ TRÓCAIRE

Nuair a thagann bailiúchán Carghais Trócaire chun deiridh le linn na Seachtaine Móire, beidh lá speisialta maoinithe ag Gaelscoil Neachtain Déardaoin Chorp Chríost, 28 Márta. Tá na páistí as Rang 7 ag socrú díolachán cístí / milseán do na páistí eile sa scoil. Beidh lá gan éadaí scoile ann fosta - iarrtar ar achan phaiste £1 a thabhairt isteach. Rachaidh an t-airgead go léir chuig an achainí Trócaire.

SAOIRE na CÁSCA

Druideann Gaelscoil Neachtain do shos na Cásca, Déardaoin Chorp Chríost, 28 Márta. Tugtar faoi deara, le do thoil, amanna imeachta 'na bhaile don Déardaoin, 28ú:

Naíscoil – 11.00rn; R.1 - R.2: 11.40rn; R. 3 – 7: 11.50rn Rachaidh siblíní abhaile le chéile ag an chéad imeacht.

Athosclaíonn Gaelscoil agus Naíscoil Neachtain Dé Luain 8 Aibreán.

POLASAÍ FREASTAL: NÓTA MEABHRÚCHÁIN

Ach amháin i gcás tinnis, nó i gcás eile práinneach, iarrtar ar thuismitheoirí cinntiú go bhfreastlaíonn na páistí s'acu ar scoil gach lá. Cuirtear an méid thíos i gcuimhne duit fosta as Polasaí Freastal na Gaelscoile - …***IF A CHILD LEAVES SCHOOL BEFORE 2.30pm ON ANY GIVEN DAY, HE / SHE WILL BE MARKED ABSENT FROM THE AFTERNOON SESSION.***

COSAINT AN PHÁISTE

Is í Fionnuala Ní Dhufaigh Múinteoir Ainmnithe don Chosaint Pháistí. Is í Róisín Mhic Thaidhg Leasmhúinteoir Ainmnithe don Chosaint Pháistí. Má tá tú buartha faoi aon rud, gabh i dteagmháil le ceachtar acu láithreach bonn, le do thoil.

BREAKFAST CLUB

The Breakfast Club is open every morning from 8.15 – 8.45am. All children are welcome. The cost is 40p per child – **IF YOUR CHILD IS ATTENDING THE BREAKFAST CLUB, YOU ARE ASKED TO CONTRIBUTE 40p, PLEASE, IF IT IS WITHIN YOUR MEANS.** The Breakfast Club opens at 8.15am and LAST ORDERS ARE TAKEN AT 8.40am. Thank you for your co-operation.

TRÓCAIRE CAMPAIGN

When this year's Lenten Trócaire appeal comes to an end during Holy Week, Gaelscoil Neachtain will hold a special day's fundraising on Holy Thursday, 28th March. Children from Rang 7 will organise a cake sale for the other children in the school. It will also be a non-uniform day - every child is asked to bring in £1. All money raised will go to the Trócaire appeal.

EASTER HOLIDAY

Gaelscoil Neachtain closes for the Easter holiday on Holy Thursday, 28th March. Please note times for going home on Thursday, 28th: **Naíscoil – 11.00am**; **R.1 - R.2: 11.40am; R. 3 – 7: 11.50am.** Siblings will go home together at the first leaving.

Gaelscoil Neachtain and Naíscoil Neachtain re-open to all children on Monday, 8th April.

ATTENDANCE POLICY: REMINDER

Except in the case of illness, or other serious matters, parents are asked to ensure that their children attend school every day. You are also reminded of the following from the Gaelscoil's attendance Policy - …***IF A CHILD LEAVES SCHOOL BEFORE 2.30pm ON ANY GIVEN DAY, HE / SHE WILL BE MARKED ABSENT FROM THE AFTERNOON SESSION.***

CHILD PROTECTION

Fionnuala Ní Dhufaigh is the Designated Teacher for Child Protection. Róisín Mhic Thaidhg is the Deputy Designated Teacher for Child Protection. If you have any concerns, please contact either of them immediately.